

Liam Dall Ó hIfearnáin File Náisiúnta agus File Anaithnid

Dónall Ó Fionnáin

This article sketches the life of Liam Dall Ó hIfearnáin, the eighteenth-century poet who was born in Lattin, Co. Tipperary. It gives a brief account of his education in so far as that can be gauged from his poetry and from folklore. The article also looks at the view which the scribes who transcribed his verses had of Liam Dall. Finally we look at the distribution of the manuscripts containing his poetry.

Rugadh agus tógadh an file Liam Dall Ó hIfearnáin i Laitean, sráidbhaile beag atá suite ar an mbóthar ó Thiobraid Árann go hImleach Iubhair, timpeall na bliana 1720. Chuaigh sé ar shlí na firinne timpeall na bliana 1803. Ní féidir linn a bheith cinnte amach is amach faoi na dátaí sin thuas, mar is beag an t-eolas cruinn atá againn ar an bhfile seo. Taobh amuigh den leabhar a scríobh Risteárd Ó Foghlú¹ agus cúpla alt eile, is beag an taighde a rinneadh le blianta anuas ar an bhfile seo. Bhunaigh Ó Foghlú a chuid taighde ar an bhfile go príomha ar an mbéaloideas a bhí i mbéal na ndaoine a bhíodh ina gcónaí sa pharóiste breis is seachtó bliain ó shoin. Bhí an taighde a rinne sé ar na lámhscríbhinní teoranta, áfach.

Teaghlach mór le rá ab ea na hIfearnánaigh tráth. Bhí dlúthbhaint acu leis an bhfilíocht le dhá chéad bliain anuas sara dtáinig Liam Dall ar an saol in aon chor. Níorbh aon ionadh é dá bhri sin gur chuaigh Liam Dall le filíocht. Bhíodh na hIfearnánaigh ina bhfilí oifigiúla ag Iarlaí Deasmumhan sa 16ú haois.² Bhog an teaghlach go Laitean timpeall 1600. Bhíodh 582 acra talún ag seanathair an Daill [Murtoigh Heffernan of Lattinmore] de réir dealraimh. Thug Cromwell agus a lucht leanúna bata agus bóthar don bhfear seo agus a mhuintir, áfach.³ Bhain file eile leis an teaghlach seo chomh maith. Bhí Mathghamhain Ó hIfearnáin [1585 – 1620] ag feidhmiú mar fhile céad éigin bliain sar a rugadh an Dall. Tháinig ceithre dhán anuas chugainn ón bhfile seo. I gceann amháin de na dánta seo, ‘A mhic ná meabhraigh éigse’ molann an file dá mhac gan dul le ceird na filíochta in aon chor.⁴ Sa dán seo feicimid go bhfuil brón ar an bhfile toisc an córas pátrúnachta do fhilí na Gaeilge a beith titithe as a chéile. Bhí an saol Gaelach ag meath go tiubh, agus bhí stádas na bhfilí ísliithe go mór.

Óige An Fhile

Nuair a saolaíodh Liam [1720?] bhí athrú ó bhonn tar éis teacht ar shaol na nIfearnánach. Bhí feirm bheag ag a athair [Muiris/Murchadh Ó hIfearnáin] i Laitean. Fuair a mháthair, bean de mhuintir Ainle, bás nuair a bhí Liam ina bhuachaill óg. Rugadh a mháthair i Srónaill más fíor. Phós athair Liam athair agus ní raibh an buachaill óg róshásta lena leasmháthair. Thug an scríobhaí Mícheál Ó Hannracháin cuntas eile dúinn ar óige an fhile.⁵ Sa chúntas seo deireann Ó Hannracháin gurb é athair an fhile a fuair bás agus nár thaitin a leasathair in aon chor le Liam.

Lá amháin tháinig an file Seán Clárach Mac Domhnaill go Srónaill agus chonaic sé an buachaill óg ag obair i bpáirc lena leasathair. B'ainnis an cruth a bhí ar an mbuachaill óg. Bhí a chuid éadaigh giobalach agus bhí cuma dhearóil air. Bhí nimh sheaca sa ghaoth an lá Earraigh úd. Chuaigh Seán Clárach i gcomhairle le máthair Liam. Chuaigh Seán Clárach agus an buachaill óg go dtí Cluain Meala, áit ar cheannaigh An Clárach éadaí do Liam. Chuaigh an buachaill óg chun chónaithe leis an bhfile as sin amach de réir dealraimh. Is deacair a bheith cinnte faoin tuairisc seo, ach is léir dúinn ar aon chuma go raibh dlúthchaidreamh idir an bheirt acu as sin amach i rith a saoil.

Oideachas An Fhile

Deireann Ó Foghlú go bhfuair Liam a chuid scolaíochta i scoil scairte i Laitean. Bhí múinteoir dár bh ainm Valentín de Róiste i gceannas ar an scoil seo. B'fhéidir go raibh baint éigin chomh maith ag Seán Clárach le hoideachas an Daill. Fear gustalach ab ea Seán de réir dealraimh agus bhíodh sé de nós aige dul an cuan amach go dtí Mór Roinn na hEorpa go minic. Insíonn Ó Hannracháin dúinn gur chaith Mac Domhnaill ceithre bliana déag ar an Mhór Roinn uair amháin gan teacht ar ais go hÉirinn in aon chor.⁶

Is léir ón a chuid filíochta go raibh tabhairt suas maith ar an Dall. Tá tagairtí do stair agus do mhíotaseolaíocht na hÉireann, na Gréige, agus na Róimhe le fáil go forleathan ina chuid filíochta. Tá na tagairtí seo cruinn agus beacht. Ní théann an file ar strae uathu ach ar bhonn na meadarachtaí, nó d'fhonn struchtúr na ndánta a chothú agus a chaomhnú.

Tógaimis an dán 'Cár bh ionadh duine dod cháilse' mar shampla; feicimid sa dán seo go raibh míoneolas ar na cúrsaí seo thuas ag an bhfile. Tá an file ag iarraidh a chara Dáithí Ó Cléire a chur ar bhóthar a leasa maidir le cúrsaí ban. Déanann an file cur síos ar laochra móra na staire agus na míotaseolaíochta a bhain clú agus cáil amach dóibh fhéin. I ndeireadh na dála áfach, thit said go léir 'i lár na hainnise' toisc go mbíodh siad mór le mná;

Féachsa Sampson ba ghroí, do leagadh i mbruíon na Philistines,
Tré mhéad a chumann le mnaoi gur rinneadh sin spriós na tine dhe.

Níos déanaí sa dán déantar tagairt do mhíotaseolaíocht na hÉireann.

Féachsa an Curadh Mac Treóin, thug turas tar ghó go binibeach,
Tré Niamh na dtriupeall gcas n-ór gur cailleadh sa ngleo le hOsgar é.

Bhíodh tuiscint mhaith ag Liam ar stair na hÉireann freisin.

Dá thréineacht fearaibh na nGael, Contae na Mí níor ghlanadar
Turgésius acu ba Rí, gur cailleadh le hiníon Mhaoilseachluinn.

Nuair a d'fhreastail sé ar an scoil scairte i Laitean bhíodh sé ag tabhairt aire go géar gan amhras do pé ábhar a bhíodh ar siúl ag an múinteoir Valentín de Róiste.

Fágann san go raibh oideachas den scoth ar Liam Dall. Fiú amháin dá mbeadh radharc na súl go maith aige bheadh sé deacair air an caighdeán oideachais sin a bhaint amach. Gan dabht bhí sé i bhfad Éireann níos deacra air toisc go raibh sé dall. Conas ar éirigh leis an bhfile an caighdeán oideachais sin a bhaint amach? Sa bhéaloideas feictear dúinn go raibh tuairim ann nach raibh Liam dall amach is amach ón lá a saolaíodh é

He [Liam Dall] was blind from birth but he was not completely when he was young⁸.

Bhí an tuairim seo ag duine eile.

Liam was not blind from birth but his step-mother was treating him badly one day and she blinded him.⁹

Dúirt duine éigin eile go raibh radharc na súl ag meath ag an Dall, ach go raibh sé imithe in aois cuid mhaith nuair a bhí sé ina dhall amach is amach.¹⁰ Is deacair teacht ar réiteach sásúil ar an gceist seo ‘cheal fhianaise stairiúil.

An Dall agus Na Scríobhaithe

D’aimsigh mé isteach is amach le tríocha dán a luadh leis an Dall ’sna lámhscríbhinní. Ní hionann san is a rá gurb iad siúd na dánta go léir a tháinig anuas chugainn ón Dall. Tá an scríbhneoir seo ag treabhadh fós sa ghort seo agus an-chuid oibre fós le déanamh aige.

Tá formhór mór na lámhscríbhinní a bhaineas leis an Dall lonnaithe san Acadamh Ríoga, agus i gColáiste Phádraig Má Nuad. Ní foláir nó go raibh árdmheas ag na scríobhaithe ar shaothar an Daill. Chuir siad na dánta a chum sé in aice le saothar na bhfilí móra eile a bhí ann um an dtaca san. e.g. Seán Clárach Mac Domhnaill agus Eoghan Rua Ó Súilleabháin etc. Chuir scríobhaithe áirithe dhá nó trí chinn de dhánta le Liam Dall isteach in aon lámhscríbhinn amháin.

Dáileadh na Lámhscríbhinní

Nuair a fhéachaimid ar dháileadh na lámhscríbhinní a bhaineas leis an Dall feicimid patrún suimiúil. Rinneadh cóipeáil ar thromlach na lámhscríbhinní a bhain le Liam Dall i gCorcaigh, i gCiarrai, i Luimneach agus in iarthar Chontae an Chláir.

Thaitin saothar an Daill go mór le scríobhaithe Chontae an Chláir ach go háirithe. Chonaiceamar thuas gur chuir scríobhaí amháin cuntas moltach ar An Dall ar fáil dúinn¹¹. Rinne Ó Hannracháin éacht oibre d’fhonn saothar an fhile a chaomhnú agus a chraobhscaoileadh. Chuir an scríobhaí seo cúig dhán i ndiaidh a chéile, maille le haistriúchán go Béarla ar cheithre chinn acu isteach in aon lámhscríbhinn amháin.¹² Níorbh é Ó Hannracháin an t-aon scríobhaí amháin ó Chontae an Chláir a rinne an-obair d’fhonn saothar an Daill a chóipeáil. Rinne scríobhaithe eile ón chontae sin dánta leis an Dall a chóipeáil, e.g. Máirtín Ó Griobhtha; Mícheál Ó Raghallaigh, Peadar Ó Conaill etc. Chuir an-chuid de na scríobhaithe seo níos mó ná dán amháin le Liam Dall isteach in aon lámhscríbhinn amháin.

Cén fáth gur chuir na scríobhaithe in iarthar Chontae an Chláir an méid sin suime in fhilíocht an Daill? Níl aon fhianaise ann go raibh Liam Dall riamh i gCo. an Chláir. Níl aon tagairt don taobh sin tíre ina chuid filíochta. Ní móide ach oiread, gur bhuail na scríobhaithe le Liam Dall ó hIfearnáin aon uair i rith a shaoil. Nuair a chuaigh Ó Hannracháin i mbun cóipeála bhí Liam Dall imithe ar shlí na fírinne timpeall caoga bliain roimhe sin. Tá gá lena thuilleadh taighde maidir leis an gceist seo.

Rinne Nicholas O’Kearney ó Chontae Lú trí dhán [‘A ngleannta séimh na héigse a bhidhim’, ‘Tá sgéal beag sultmhar agam-sa le sgrúda dhibh’ agus ‘Air bhruach na Coille Móire faoi dhlúthbhrataibh’¹³ le Liam Dall, a chóipeáil. Tá sé seo suimiúil. Ní móide go raibh aon aithne ag Kearney ar Liam Dall. B’as Dún Dealgan i gContae Lú an scríobhaí seo. Bhain a chuid taighde go príomha le Co. Lú agus an taobh tíre máguaird¹⁴ Cén fáth gur chuir O’Kearney trí dhán le Liam Dall isteach in aon lámhscríbhinn amháin?

Ar an dtaobh eile den scéal níor tháinig mé ach ar dhornán scríobhaí i gContae Thiobraid Árann a rinne cóipeáil ar shaothar an Daill. Is aisteach an scéal é seo agus arís tá gá lena thuilleadh taighde maidir leis an gceist seo.

Dúshlán Phrúit

Tá éacht oibre déanta ag Liam Prút le fada an lá d'fhonn eolas níos cuimsithí ar fhilíocht Liam Dhaill a bhailiú agus a chur ar fail do lucht na Gaeilge. Creideann Prút go bhfuil tábhacht faoi leith ag baint le saothar an Daill⁵.

Ní mór a mheabhrrú gur eiseamláir é an Dall de leanúnachas na bhfilí ó ré na scol isteach i ré na sráidéigse. Bhí baint mhór ag sinsir an fhile leis an bhfilíocht chlasaiceach agus is cuid shainiúil de thábhacht an Daill gur lúb annamh leanúnachais é nuair nach bhfuil ina chomhfhilí go minic ach fás aon oíche i gcomórtas leis.⁶

Ghlac an scríbhneoir seo leis an dúshlán sin cúpla bliain ó shin. Tá súil agam go gcabhróidh an t-alt seo, ar shlí amháin nó ar shlí eile, le seasamh agus stádas an Daill mar fhile a fheabhsú agus a chur chun cinn.

References

¹Ó Foghlú, R, 1939 *Ar Bruach na Coille Móire*, BÁC, Oifig an tSoláthair.

²Prút, L, 'Aon Fhile An Leanúnachais - Liam Dall Ó hIfeárnáin', in *Tipperary History and Society*, eag. William Nolan & Thomas McGrath [Dublin, 1985] Ich.186.

³Heffernan, P., 1940, *The Heffernans and their times*, London Ich. 148

⁴Prút, Lch.186

⁵RIA 24 L 12: 774

⁶RIA 24 L 12: 774

⁷RIA 23 C 32 939

⁸Cnuasach Bhéaloideas Éireann {CBÉ} i Roinn Bhéaloideas Éireann S580, 261

⁹ibid 264

¹⁰Ó hÓgáin, É., 'Liam Dall sa Seanchas' in *Dúchas 1986 – 1989*, eag. Liam Prút, [BÁC. 1990] Ich. 50

¹¹RIA 24 L 12:774

¹²RIA 24 L 12:774

¹³RIA 23 E 12:769

¹⁴Ní Uallacháin, P. 2005, *A Hidden Ulster*, Dublin, Four Courts Press, p. 113

¹⁵Prút, Ich. 186

¹⁶Prút, Ich. 186

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do Dhonnchadh Ó Duibhir a léigh dréacht den alt dom.